Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Márta 2019
(OR. en, es)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0433(COD)**

**7165/19**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 608**
**AVIATION 46**
**PREP-BXT 99**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Draft Regulation of the European Parliament and of the Council on common rules ensuring basic air connectivity with regard to the withdrawal of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland from the Union **(first reading)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

## Ráiteas ón gCoimisiún

"Aontaíonn an Coimisiún leis an ráiteas a rinneadh in Airteagal [1bis] agus Aithris [5a] i dtaca le héifeachtaí an Rialacháin maidir le hinniúlachtaí a roinnt idir an tAontas agus na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 2(2) CFAE. Meabhraíonn an Coimisiún go ndéileáiltear go huileghabhálach leis an roinnt sin sna Conarthaí i gcás gnáth-imthosca agus imthosca eisceachtúla araon.

I bhfianaise an méid sin, measann an Coimisiún nach ndéantar leis an Rialachán seo an cineál caidrimh a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe a réamhbhreith i réimse na heitlíochta agus go ndéantar feidhmiú na hinniúlachta sa Rialachán a theorannú go sealadach agus go dian don tréimhse bailíochta a bhaineann leis. Is faoin gComhairle a bheidh sé téarmaí aon chinnidh lena n-údarófar caibidlíocht a thionscnamh le haghaidh caidreamh a bheidh ann amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE agus ar bhonn ginearálta le dlí an Aontais, agus lánurraim á tabhairt do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit.

Ina theannta sin, meabhraíonn an Coimisiún Treoirlínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 maidir leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe, arna mbunú d'fhonn tús a chur leis an gcaibidlíocht faoin tuiscint fhoriomlán ar an gcreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo. De réir phointe 11 de na Treoirlínte sin, i réimse na heitlíochta is é an aidhm ba cheart a bheith ann a áirithiú go mbeidh nascacht leanúnach ann idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas; d'fhéadfaí é sin a dhéanamh, inter alia, le comhaontú aeriompair i dteannta comhaontuithe sábháilteachta agus slándála eitlíochta, agus cothrom iomaíochta á áirithiú san am céanna.

Ag féachaint do na Treoirlínte sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an moladh ábhartha a chur faoi bhráid na Comhairle a luaithe is féidir in am trátha."

**Ráiteas ó na tíortha seo a leanas: an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, Poblacht na Seice, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, agus an tSualainn, an Ungáir.**

Measann na Ballstáit go bhfuil tábhacht le caibidlíocht thapa leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach iompair aeir don todhchaí. Fágann an cinneadh údarú a thabhairt don Choimisiún comhaontú den sórt sin a chaibidliú gur gá scrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar mholadh an Choimisiúin.

Measann na Ballstáit é a bheith iomchuí go mbeadh an comhaontú cuimsitheach iompair aeir don todhchaí leis an Ríocht Aontaithe ina chomhaontú measctha de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát. Is é tuairim na mBallstát nach bhfuil rud ar bith sa Rialachán (go háirithe aithris 5 abairt 2 de) a chuireann bac ar chinneadh sa mhéid seo.

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

An Ríocht Aontaithe:

- Is díol sásaimh di intinn an togra seo a chabhróidh lena áirithiú go ndéanfar an cur isteach is lú is féidir ar shaoránaigh agus ar ghnóthaí ar fud na hEorpa agus níos faide anonn i gcás Brexit gan mhargadh. Is réiteach pragmatach é a chabhródh le cinnteacht a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnóthaí agus tá an Ríocht Aontaithe ullamh le rochtain chómhalartach a chur ar fáil d'oibreoirí an Aontais mar a cheanglaítear sa togra.

- Ach is léir nach nglacann sí leis na seasaimh a leagtar amach maidir le Giobráltar.

- Athdhearbhaíonn sí a cinnteacht maidir lena ceannasacht ar Ghiobráltar (lena n-áirítear an chríoch ar a bhfuil Aerfort Ghiobráltar suite).

- Dá réir sin, tugann sí le fios go soiléir agus cuireann ar an taifead é go ndiúltaíonn an Ríocht Aontaithe d'aithris 7b, nach bhfuil ag teacht le seasamh dlíthiúil na Ríochta Aontaithe.

- Tá sí suite de gur cheart seasamh dlíthiúil na Ríochta Aontaithe a léiriú sna haithrisí, ós rud é go nglacfar an beart seo agus an Ríocht Aontaithe ina Ballstát go fóill.

- Tugann sí le fios go soiléir, agus bailchríoch á cur ar an téacs, go mbeadh sé níos iomchuí úsáid a bhaint as an bhfriotal seanbhunaithe atá sa Rialachán, ina sonraítear an méid seo a leanas: "Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne agus na Ríochta Aontaithe faoi seach maidir leis an díospóid i ndáil le ceannasacht ar an gcríoch ina bhfuil aerfort Ghiobráltar suite."

- Tugann sé dá haire gur cúis aiféala di nár cuireadh Giobráltar san áireamh i raon feidhme an bhirt seo agus athdhearbhaíonn sí a hintinn go ndéanfaidh sí caibidlíocht thar ceann mhuintir iomlán na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear a críocha thar lear, maidir lena caidreamh leis an Aontas Eorpach amach anseo.

**Ráiteas ón Spáinn**

Meabhraíonn an Spáinn go n-eisiatar Giobráltar ó raon feidhme críochach an Rialacháin seo, mar a leagtar amach in aithris 13. Thairis sin, i dtaca le haithris 14, meabhraíonn an Spáinn freisin nach n-aithníonn sí ceannasacht ar bith de chuid na Breataine ar an gcuing ar a bhfuil an t-aerfort suite, ós rud é nach ndearnadh an chuing sin a ghéilleadh in Airteagal X de Chonradh Utrecht ná ina dhiaidh sin, ach go ndearna an Ríocht Aontaithe leithreasú *de facto* de réir a chéile uirthi gan aon bhunús dlí, leithreasú dár dhiúltaigh an Spáinn i gcónaí.